



SAINCHUNTAS POIST

Ollamh Comhlach san Oideachas (Teagasc na Gaeilge) Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair BÁC

Conradh Buan

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Is ollscoil cheannródaíoch nuálach Eorpach í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC). Tá bród orainn go bhfuilimid ar cheann de na hOllscoileanna Óga atá chun tosaigh ar leibhéal domhanda agus go bhfuilimid áirithe ar an 2% is fearr ar domhan. Tá OCBÁC aitheanta mar Ollscoil Tionchair na hÉireann, agus é mar mhisean againn ‘saol daoine agus an tsochaí a bhunathrú chun feabhais’ trí bhéim a chur ar dhul i ngleic le Dúshláin Dhomhanda i gcomhar le príomh-chomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le páirtithe leasmhara.

Tá breis is 20,000 mac léinn ag freastal ar OCBÁC, agus iad i gcúig dhámh sna trí champas acadúla i gceantar Ghlas Naíon-Dhroim Conrach i mBaile Átha Cliath Thuaidh. A bhuí lena cur chuige nuálach i leith an teagaisc agus na foghlama, fágann a seal san Ollscoil ‘lorg láidir ar na mic léinn’, rud a fhorbraíonn céimithe a mbíonn an-tóir orthu Tá OCBÁC sa chéad áit in Éirinn faoi láthair maidir le Ráta Fostaíochta Céimithe, agus maidir le hioncam céimithe (an Phríomh-Oifig Staidrimh).

Is Ollscoil a chuireann béim láidir ar thaighde í OCBÁC agus tá roinnt Ionad Taighde atá á maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann lonnaithe ar an gcampas. Tá an Ollscoil rannpháirteach i roinnt comhpháirtíochtaí taighde Eorpacha agus idirnáisiúnta. Is í OCBÁC an phríomh-ollscoil in Éirinn chomh maith maidir le haistriú teicneolaíochta faoi mar a léiríonn ceadúnú maoine intleachtúla

Is institiúid ‘Tús Áite do Dhaoine’ í OCBÁC atá tiomanta do Comhionannas, d’Éagsúlacht agus d’Ionchuimsiú - Ollscoil a chabhraíonn leis an bhfoireann agus le mic léinn ionas go mbeidh rath orthu. Tá An Ollscoil ar thús cadhnaíochta maidir lena cuid oibre chun rochtain ar oideachas a mhéadú, agus tá sí áirithe ar na 10 n-ollscoil is fearr ar domhan ó thaobh míchothromaíochtaí a laghdú i Rangú an Times ar Thionchar an Ardoideachais.

An Institiúid Oideachais

Tá Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair BÁC ar an dámh is nuáí in Ollscoile Chathair BÁC. Tógadh í le sainchuspóir, mar shaoráid úrscothach ar Champas Choláiste Phádraig OCBÁC i nDroim Conrach, Baile Átha Cliath. Bunaíodh an dámh in 2016, agus ba í an chéad dámh ollscoile oideachais in Éirinn í. Bhunaigh OCBÁC a cúigiú dámh, an ceann is nuáí fós, mar creideann sí go láidir go bhfuil staidéar agus taighde ar an oideachas ríthábhachtach maidir le saol na ndaoine a athrú chun feabhais díreach mar atá sé ríthábhachtach múinteoirí agus teagascóirí a ullmhú, agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Tá tuairim is 4,000 mac léinn ag freastal ar an Institiúid. agus tá 3,500 díobh seo ar chlár a bhfuil baint láidir acu le socrúchán scoile. Cuireann an Dámh sé chlár fhochéime mhúinte agus 21 clár iarchéime múinte ar fáil, agus tá 153 duine ar an bhfoireann acadúil i sé scoil idirdhisciplíneacha.

Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige

Tá Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige ar cheann de na sé scoil de chuid Institiúid Oideachais OCBÁC Tá baint lárnach ag an scoil le réimse leathan céimeanna agus cúrsaí eile san oideachas ag leibhéal fochéime agus ag leibhéal iarchéime. Tugann sí dámh mhór fhuinniúil le chéile, baill foirne a bhfuil saineolas suntasach acu maidir le teoiric, cleachtas, taighde agus beartas i réimsí na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige Tá an fhoireann tiomanta do scoláireacht agus d'fhiosrúchán leanúnach i gcomhpháirtíocht chómhálartach le suíomhanna an oideachais luath-óige agus le suíomhanna cúraim luath-óige, le scoileanna, le comhghleacaithe ar fud na hinstiúide agus le páirtithe leasmhara eile sa chóras oideachais.

Próifíl don Ról: Ollamh Comhlach san Oideachas (Teagasc na Gaeilge)

Tá súil ag Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige Ollamh Comhlach a earcú. Beidh an té a cheapfar i gceannas ar straitéis don Ghaeilge in Institiúid Oideachais OCBÁC, beidh ról suntasach acu i bhforbairt SEALBHÚ, an tsainionad taighde umfhoghlaim agus teagasc na Gaeilge, agus cuirfidh siad go mór le réimse clár ar fud na gclár oideachais mhúinteoireachta tosaigh againn. Glacfaidh an té a cheapfar ceannasaíocht ar fhoireann Theagasc na Gaeilge agus oibreoidh siad i gcomhar leo trí theagasc faoi threoir taighde, meantóireacht agus tacaíocht mhic léinn, agus maoirseacht ar thionscadail na mac léinn. Tá an post seo lonnaithe ar Champas Phádraig OCBÁC agus beidh an té a cheapfar freagrach don Cheann Scoile.

Dualgais agus Freagrachtaí

Teagasc agus Foghlaim

Beidh de dhualgas ar an té a cheapfar ról ceannaireachta a bheith aige/aice i mbainistíocht, i bhforbairt, i dteagasc, i measúnú agus i riarachán maidir le réimse leathan clár fochéime agus iarchéime, lena n-áirítear:

- dearadh modúl, forbairt agus soláthar, i réimse Theagasc na Gaeilge
- cláir nua agus forbairtí eile a dhearadh, a fhorbairt agus a bhainistiú amach anseo i réimse Theagasc na Gaeilge,
- tacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus meastóireacht a dhéanamh orthu maidir le socrúcháin ghairmiúla agus tuairiscí a scríobh,
- a bheith ag obair go dlúth le comhghleacaithe sa Scoil agus sa Dámh chun comhtháthú na Gaeilge sna cláir uile a chur chun cinn,
- maoirseacht a dhéanamh ar thaighde fhochéime agus iarchéime
- cuairteanna a thabhairt ar mhic léinn atá ar shocrúcháin Ghaeltachta
- ionchur i ranganna teagaisc agus sa teagasc i gcoitinne san Institiúid de réir mar a éilíonn an Ceann Scoile.

Taighde agus Scoláireacht

Beidh an t-iarrthóir rathúil tiomanta do thaighde ar ardchaighdeán a dhéanamh agus don taighde seo a fhoilsiú ar bhonn aonair nó i gcomhar le daoine eile i réimse Theagasc na Gaeilge. Caithfidh an t-iarrthóir rathúil:

- a bheith gníomhach i mbun taighde ina réimse féin agus dea-theist orthu maidir le hábhar scolártha a fhoilsiú

- tionscnaimh taighde a fhorbairt agus tacú leo i Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige agus in SEALBHÚ: Lárionad Taighde OCBÁC um fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge, agus sa dámh i gcoitinne,
- cur le saol intleachtúil agus scoláireachta na hOllscoile, trí ionchur a bheith aige/aici i bhforbairt cláir oibre taighde d’Institiúid Oideachais OCBÁC

Seirbhís agus Ionchur don Ollscoil agus don tSochaí

Leagann an Ceann Scoile gníomhaíochtaí amach lena n-áirítear:

- páirt a ghlacadh i gcruinnithe scoile agus ollscoile,
- páirt a ghlacadh i gcruinnithe a bhaineann le cláir agus le forbairtí eile,
- obair ar son na Scoile maidir le mic léinn nua a mhealladh,
- a bheith gníomhach i seimineáir agus comhdhálacha a reáchtáil agus i gcaidrimh a fhorbairt le páirtithe leasmhara ar fud na hOllscoile agus san earnáil oideachais i gcoitinne.

Tabharfaidh an t-iarrthóir rathúil faoi fheidhmeanna riaracháin a bhaineann le gníomhaíochtaí Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige.

Cáilíochtaí agus Taithí

Tá fáilte roimh iarrthóirí cur isteach ar an bpost seo má chomhlíonann siad na critéir seo a leanas:

- Cáilíocht dhochtúireachta, i réimsí a bhaineann le Teagasc na Gaeilge,
- Eolas ar chóras oideachais na hÉireann ar leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile,
- Ardscileanna labhartha agus scríofa i nGaeilge,
- Taithí ar an gceannaireachta nó ar ról suntasach i gclár forbartha i suíomh ardoideachais, taighde, lena n-áirítear tionscadail atá maoinithe go hiomaíoch nó tionscnaimh eile a bhaineann le Teagasc na Gaeilge,
- Tiomantas leanúnach agus suntasach léirithe don teagasc éifeachtach atá dírithe ar mhic léinn, d’fhoghlaim teangacha, don churaclam agus don oideolaíocht maidir le Teagasc na Gaeilge
- Fianaise cheannaireacht le léiriú i gcúrsaí taighde agus rannpháirtíocht dhíreach i bhforbairt taighde/i dtionscnaimh mheantóireachta le haghaidh na foirne acadúla,
- Tuiscint ar fhorbairtí tábhachtacha seachtracha agus/nó ar fhorbairtí idirnáisiúnta san oideolaíocht agus i gcúrsaí taighde san ardoideachas, agus tuiscint ar conas iad seo a chur i bhfeidhm,
- Scileanna láidre idirphearsanta agus comhoibríocha,
- Ardscileanna riaracháin agus eagrúcháin,
- A bheith in ann teicneolaíocht dhigiteach a nascadh le Teagasc na Gaeilge.

Tabhair faoi deara le do thoil: Ní mór don iarrthóir dul faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun an post seo a fháil.



JOB DESCRIPTION

Associate Professor in Education (Teagasc na Gaeilge) School of Language, Literacy and Early Childhood Education DCU Institute of Education

Permanent Contract

Dublin City University

Dublin City University (DCU) is a leading innovative European University. It is proud to be one of the world's leading Young Universities and is among the world's top 2% globally. DCU is known as Ireland's University of Impact, with a mission to 'transform lives and societies' and focuses on addressing global challenges in collaboration with key national and international partners and stakeholders.

DCU has over 20,000 students in five faculties spread across three academic campuses in the Glasnevin-Drumcondra area of North Dublin. Thanks to its innovative approach to teaching and learning, the University offers a 'transformative student experience' that helps to develop highly sought-after graduates. DCU is currently No. 1 in Ireland for Graduate Employment Rate, and for graduate income (CSO).

DCU is a research-intensive University and is home to a number of SFI-funded Research Centres. The University participates in a range of European and international research partnerships. DCU is also the leading Irish university in the area of technology transfer as reflected by licensing of intellectual property.

As a 'People First' institution, DCU is committed to Equality, Diversity and Inclusion - a University that helps staff and students to thrive. The University is a leader in terms of its work to increase access to education, and is placed in the world's Top 10 for reducing inequalities in the Times Higher Education Impact Rankings.

The Institute of Education

The DCU Institute of Education is the newest faculty of Dublin City University. It is based in a state-of-the-art, purpose built facility on the DCU St Patrick's Campus in Drumcondra in Dublin. Established in 2016 as Ireland's first university Faculty of Education. DCU has established its fifth and newest faculty out of a conviction that studies and research in education and the preparation and support of teachers and educators are central to the transformation of lives and communities. The Institute has a student body of approximately 4,000, 3,500 of whom are on programmes with a substantial school placement element. The Faculty currently delivers six undergraduate and 21 taught postgraduate programmes and has an academic staff of 153 in six interdisciplinary schools.

The School of Language, Literacy and Early Childhood Education

The School of Language, Literacy and Early Childhood Education is one of six schools within the DCU Institute of Education. The school contributes to a wide range of education related degrees and courses at undergraduate and post-graduate levels. It brings together a large dynamic faculty with a significant range of expertise in relation to theory, practice, research and policy in the fields of language, literacy and early childhood education. Staff are committed to ongoing scholarship and inquiry in reciprocal partnership with early childhood education and care settings, schools, colleagues across the institute and other stakeholders in the education system.

Role Profile: Associate Professor in Education (Teagasc na Gaeilge)

The School of Language, Literacy and Early Childhood Education is seeking to recruit an Associate Professor. The appointee will lead a strategy for Gaeilge in the DCU Institute of Education, play a significant role in the development of SEALBHÚ, our specialist research centre in the teaching and learning of Irish, and contribute to a range of programmes across our initial teacher education programmes. The appointee will also lead and work collaboratively as a member of the Teagasc na Gaeilge team through research-led teaching, student mentoring and support, and supervision of student projects. The post is based on the St Patrick's Campus and the candidate will report to the Head of School.

Duties and Responsibilities:

Teaching and Learning

The successful candidate will be required to lead the development, teaching, assessment and administration of undergraduate and postgraduate programmes to include:

- module design, development and delivery, in the field of Teagasc na Gaeilge
- the design, development, and management of future programmes and other developments in the field of Teagasc na Gaeilge,
- supporting and evaluating students on school placement visits and writing reports,
- working closely with colleagues in the School and Faculty to promote the integration of Irish across programmes,
- supervision of undergraduate and postgraduate research
- visit students on Gaeltacht placements,
- contribute to tutorials and to the wider teaching of the Institute as required by the Head of School.

Research and Scholarship

The successful candidate will be committed to high-quality research and publication on an individual and a collaborative basis in the field of Teagasc na Gaeilge. The successful appointee will be expected to:

- be research-active in their field with a track record of scholarly publication
- lead, develop and support research initiatives within the School of Language, Literacy and Early Childhood Education and in SEALBHÚ: DCU Research Centre for the Learning and Teaching of Irish; and the wider faculty,
- contribute to the scholarship and intellectual life of the University, contributing to the development of the DCU Institute of Education's research agenda.

Service and Contribution to University and Society

Activities will be defined by the Head of School and may include:

- participating in school and university meetings,
- engaging in meetings related to programmes and other developments,
- representing the School in marketing and recruitment of students,
- being active in the organisation of seminars and conferences and in developing relationships with stakeholders across the University and in the education sector more generally.

The successful candidate will also undertake administrative functions related to the activities of the School of Language, Literacy and Early Childhood Education.

Qualifications and Experience

This position is open to candidates who meet the following criteria:

- A doctoral qualification, in areas related to Teagasc na Gaeilge,
- Knowledge of the Irish education system at primary and post-primary levels,
- Excellent oral and written Irish language skills,
- Experience of leadership or a significant role in programme development in a HE setting, research, including competitively funded projects or other initiatives in relation to Teagasc na Gaeilge,
- Demonstration of sustained and substantial commitment to effective student-centred teaching, language learning, curriculum and pedagogy in relation to Teagasc na Gaeilge at
- Demonstrate evidence of leadership in research and direct engagement in research development/mentoring initiatives for academic staff,
- Awareness and application of important external developments and/or international developments in pedagogy and research in higher education,
- Strong interpersonal and collaborative skills,
- Excellent administrative and organisation skills,
- Capacity to integrate digital technology into the teaching of Teagasc na Gaeilge.

Please Note: The position is subject to the candidate being Garda Vetted.